POLAITÍOĊT

RIALTAS ÚR ÓG GAELAĊ

CEANN DE NA RIALTAISÍ IS ÓIGE ÓN ĊÉAD RIALTAS ḞIANNA FÁIL A RAIḂ LEMASS É FÉIN AR AN AIRE AB ÓIGE SAN EORAIP ANN, AN RIALTAS A D'AINMNIĠ AN TAOISEAĊ, SEÁN LEMASS TRÁṪNÓNA DÉ CEADAOINE SEO CAITE.

Ḃí pearsanraḋ an Rialtais féin ar eolas le seaċtain roiṁe, agus ḃí an t-eolas go réasúnta cinnte go mbeaḋ an triúr a ḃí ina Rúnaiṫe Pairliminte árdaiṫe ina nAirí. Ní raiḃ sé go cinnte cé na Ranna a ḃeaḋ faoi ċúram gaċ duine acu.

Frío agus tríd, is dóċa go ḃfuil an Rialtas. ó ṫaoḃ na nGaeilgeoirí de, ċoṁ maiṫ agus a d'ḟéadfaḋ Rialtas piocaiṫe as an Ṗáirtí san Dáil faoi láṫair, a ḃeiṫ.

Is maiṫ an rud, agus is áḃar sástaċta, do ċuile Ġaeilgeoir, sa tír, go ḃfuil an tUasal Mac Aoḋagáin, mar Tanaiste. Nó is sé an fear é is mó a rinne rudaí bunúsaċa ar son na Gaeilge, agus go h-áiṫrid sé a ṫug na deontaisí do na páipéir Ġaeilge ar tús.

Tá sé le feiceáil ar ċeapaḋ an Rialtais agus cúram faoi leiṫ na n-Airí, naċ beag le rá, nó beag a ṡuim, cuṁaċt na nGaeilgeoirí insan tír fós. San léirṁeas agus cáineaḋ géar a rinneaḋ fé an Ṗáipéar Ḃán, ba é an dá ġné ba ṁó a raiḃ ċuile Gaeilgeoir míṡásta faoi, nó an Gaeltaċt agus an Telefís. Tá sé seo tugtha do Aire le Gaeilge ag an Taoiseaċ ins na ceapaċáin nua. Tá an tUasal Hilliard aistriṫe ó Roinn Poist agus Telegrafa go dtí Roinn a ḃfuil sé feiliúnaċ go maiṫ ċuige, an Roinn Cosanta. Mar ḃí seirḃís cumasaċ aige ins na hÓglaiġ uair.

Ceart go leor, ba é an traidisiún a ḃí ann insan Roinn Cosanta, gur Gaeilgeoir a ḃeaḋ ina ḃun, aċ san am ċéanna, is Roinn í an Roinn Cosanta a reaċtáileas é féin de ġnáċ, agus is beag an cur isteaċ is gá a ḃeiṫ ag an Aire ar gnáċ cúrsaí Airm. Mar sin de, ní dóiġe go mbeiḋ aon céim siar i nGaelú an airm, a ṫug an tUasal Ó Beoláin, ċun cinn, ⁊ nár cuireaḋ ar gcúl ó ṡin.

Gaeilgeoir isea an tUasal Ó Braonáin agus suim ar leiṫ aige i gcúrsaí radio agus telefíse, ⁊ is féidir a ḃeiṫ ag súil go ndéanfar beart níos cinnte ċun an telefís a ṫaḃairt beagán nó mórán faoi rial agus faoi ċeansú ag an ċuspóir náisiúnta.

Aċ, sé ceapaċán Ṗádraic Uí Ḟaċtna, a rinneaḋ ċun sástaċt a ċur ar Gaeilgeoirí agus luċt na Gaeltaċta, mar is duine é an tUasal Ó Faċtna, go ḃfuil muinín an ṁór ag Gaeilgeoirí as agus a ḃfuil sé taispeánta aige gur cás leis cúrsaí na Gaeltaċta, ⁊ cúrsaí an ṗobail san Ġaeltaċt.

Ní aṫraíonn sé sin an stáid naċ ḃfuil deallraḋ ar biṫ air, go ḃfuil Roinn na Gaeltaċta ag glacaḋ cúram orṫa féin obair ṡeasta a ċur ar fáil do ṗobal na Gaeltaċta, nó fiú gur féidir leo a leiṫéid do ġlacaḋ orṫa féin, mar níl an córas atá ann feiliúnaċ. Aċ, tá rud aṁáin cinnte ba deacair fear ní ba feiliúnaí do ċúrsaí Gaeilge agus Gaeltaċta a ḟáil ná an tUasal Ó Faċtna, ⁊ is cinnte gur móide é muinín ⁊ dóċas na nGaeilgeoirí agus luċt na Gaeltaċta as.

Áḃar sástaċta leis, go ḃfuil an Dr. Ó hIrġile, ag fágáil an Roinn Oideaċas, agus go ḃfuil an tUasal Ó Colla, fé mar a tuaraḋ in AMÁRAĊ fé ḋó nó fé ṫrí, ag dul i mbun Roinn an Oideaċais.

Dár ndóiġe, is maiṫ mar Gaeilgeoir, an Dr. Ó hIrġile, agus is maiṫ an rud Gaeilgeoir a ḃeiṫ ag teaċt indéiḋ an Uasail Uí Loinsiġ. i mbun Tionscail agus Tráċtála, mar taispeánann sé go ḃfuil cumas agus éifeaċt ins na Gaeilgeoirí. Aċ, is deacair do ṗobal na Gaeltaċta mórán muinínе a ḃeiṫ acu go ndéanfaiḋ Roinn Tionscail agus Tráċtála nó na hinstiOúidí atá fé, aon soláṫar fé leiṫ don Ġaeltaċt, taréis an isliú a rinneaḋ ar sócálaiġ agus seasaṁ na Gaeltaċta insan Roinn Oideaċais, ḟad agus ḃí an Dr. Ó hIrġile ina ḃun. Cé naċ ḃfuil aon ḃaiġ ar leiṫ ag an Uasal Ó Colla leis an nGaeltaċt, beiṫfear ag dréim go dtaḃarfaiḋ sé coṫrom na féinne don Ġaeltaċt. i gcúrsaí a Roinne, ar aon ċuma. Agus tá cliú agus cáil air mar Gaeilgeoir éifeaċtaċ cumasaċ.

Gaeilgeoir eile atá ar a ḃealaċ suas, isea Donnċaḋ Ó Máille, pé rud a ṡleaṁnaíonn uaiḋ ó am go h-am, nuair naċ mbeaḋ coinne leis, b'ḟéidir agus ón uair go raiḃ an Dr. de Brúin, i mbun Roinn Sláinte. ní raiḃ duine ċoṁ Gaelaċ, indáiríriḃ i n-a ḃun.

Ḃeiḋ caoi ag an Uasal Ó Beoláin dul ar aġaiḋ leis an scéim feaḃsaiṫe don Dole, insan Ġaeltaċt, agus beiṫfear ag súil go gcuirfiḋ sé feaḃas beag eile ar an scéim seaċas mar a foilsíoḋ ar tús é.

Ḃíoṫar ag dréim roiṁré ar ndóiġe, go mbeaḋ Míċeál Mac Cárṫaiġ ina rúnaí don Taoiseaċ, rud atá. Ḃí sé ráite ċoṁ maiṫ, go mbeaḋ Séamas Mac Giobúin. as Cill Ċoinniġ, agus Seán Ó Flanagáin imeasc na Rúnaiṫe Pairliminte, nó is Gaeilgeoirí maiṫe an ḃeirt acu.

Sé an scéal céanna ag Pádraic Ó Leaṫloḃair, a ḃéas i mbun cúrsaí an Iarṫair, do réir ċosúlaċta. Is duine cumasaċ saoṫaraċ é, agus is fusa dó cás an Iarṫair do ḃreiṫniú nuair atá a Dáil-Ċeantar féin lasmuiġ den Iarṫair agus naċ mbeiḋ brú sealadaċ gearr-aimsire ag cur isteaċ air.

Imeasc iomlán na dtráċtairí poiliticiúla, ḃí duine aṁáin nár luaḋ ċor ar biṫ. mar a ḃí Páid Ó Braonáin, as Cill Mannṫáin. Agus traoslaimíd a árlú leis. Árdú a ṫáiniġ i ngan ḟios do gaċ duine. Ḃeiḋ sé i mbun cúrsaí pleanála go mór, insan Roinn Rialtas Áitiúil.

Frío is tríd, tá Rialtas fiúntaċ cumasaċ ceapaiṫe. Tá Rialtas úr de ḋaoine úr nua a mbeiḋ a súile acu ar an todċaí.

Dála an scéil, tá 14 Airí agus seisear Rúnaiṫe Pairliminte i mbun gnó as 72 Teaċtaí ar fad, agus má airímíd Leas Ceann-Coṁairle agus Oifigeoirí eile, is ionann é agus go mbeiḋ duine as gaċ triúr de Ṫeaċtaí Ḟianna Fáil a mbeiḋ post Rialtais aige. Is árd an coiḃneas seo. agus gan aṁras ar biṫ, cuireann sé crua go maiṫ ar Taoiseaċ, mar adúirt an tUasal Lemass, uair, dóṫain daoine cumasaċa a ṗiocaḋ le ḃeiṫ ina nAirí agus ina Rúnaiṫe Pairliminte. Is cinnte go gcaiṫfiḋ Taoisiġ, amaċ anseo, a ḃeiṫ ag baint tuilleaḋ feiḋme as an fórál insan Ḃunreaċt, faoi Airí do ṗiocaḋ as an tSeanaḋ. Sin má tá pearsanra an Rialtais a ḃeiṫ coṁ cumasaċ agus is féidir é ḃeiṫ.

Cibé fá ċúrsaí polaitíoċta ná eile, nó cibé fán polasaí a noċt Fine Gael i leiṫ na Gaeilge, le roinnt blianta anuas, is cúis bróin do Ġaeilgeoirí go ḃfuil an tUasal Ó Diolúin ag éiriġ as ceannaireaċt Ḟine Gael. Gaeilgeoir líofa é an tUasal Ó Diolúin, a ḃí lán ċoṁ líofa ina ċuid óráidíoċt i nGaeilge agus a ḃí i mBéarla. Ba duine é a raiḃ árd ṁeas aige ar an nGaeilge, agus ar Ġaeilge na Gaeltaċta. Cibé fána ḃarúlaċa pearsanta féin, is dóċa go raiḃ sé gafa le polasaí an Ṗáirtí, agus cé amaideaċ is ḃí an polasaí sin i leiṫ na Gaeilge, rinne an tUasal Ó Diolúin, níos daonna agus níos pearsanta é.

Is cailliúint é don Ṗáirtí go ḃfuil sé ag éirí as ḃeiṫ na ceannaire. Agus cé go ḃfuil fear óg cumasaċ, abálta ag glacaḋ a áite, ní h-eol dúinn go fóill go ndearna sé aon óráidí sa Dáil, as Gaeilge, nó gur laḃair sé ar aon ċaoi i leiṫ na h-aṫḃeoċána nó i leiṫ ár dteanga féin. Is rud é sin a ba ċeart ló a ḋéanaṁ gan ṁoill, go ḃfeicfiḋ muid cad é a ṡeasaṁ, agus cad é a ċumas pearsanta insan Ġaeilge. Ḃeiḋ pobal na tíre ag faire air go ḃfeicimíd.

LITIR ṠASANA

AG BREAṪNÚ SIAR

DONALL MAC AMHLAIBH

DIA MÁIRT 30-3-1960.

Seolaḋ go Hillmorton, lám le Rugbaí muid inniu — cuid againn ar aon nós — cibé cé'n t-údar tá acu leis. Is dóiġ go bé caoi gceapann siad go n-oibreóḋ muid níos fearr má scaiptear ṫart muid; agus dár m'anam naċ aon easpa oibre a ḃí inniu orṫainn. Ag leagain líne nua ráillí sea ḃí muid agus ag tóigeáil sean-ċinn. Tá siad le 'Marshalling Yard" a ḋéanaṁ san áit seo agus beiḋ obair go Saṁain ann, deir siad, don méid a ḃéas coinniṫe. Níl moḋannaí nua-aimsearḋa ar biṫ dá n-oibriú annseo acu aċ 'ċuile ṡórt beagnaċ dá ḋéanaṁ le láṁa. Mar ṡompla, caiṫeann muid na trasnáin nua amaċ as na ḃaigíní len ar láṁa agus leagann muid annsin iad, ceann indiaiḋ a ċéile, 'nós mar a ḋeineaḋ na fir a ḃí ag leagaint an Union Pacific Railroad fadó. Nuair a ḃíonns méid áiṫrid trasnáin leagta againn téiġeann muid ag iarraiḋ na ráillí. Tá deiseannaí acu le na ráillí seo a iompar — rudaí cosúil le tlúannaí — agus bíonn beirt in éadan ċaon ċeann acu. Is féidir ráille seasca troiġ a iompar mar sin, má ḃíonn dóṫain fir ann, gan mórán stró, agus má ḃíonn na trasnáin leagta síos i gceart gaḃfaiḋ an ráille isteaċ 'sna "caṫaoireaċaí" go réiḋ. Daingnítear na ráillí annsin le bloċannaí adṁad a ḃualaḋ isteaċ in 'U' na "caoiṫreaċ" agus annsin dírítear an líne le gróannaí ⁊ brúitear luaiṫre nó cloċa faoi na trasnáin le iad a ḋéanaṁ teann. Ċaiṫfeaḋ sé gur saoire dóiḃ an obair a ḋéanaṁ mar seo, aċ amuiċ ar na príoṁ-ḃealaiġ leagtar an ráille ina "prefabricated sections" agus ní gá dom a rá gur sciopta go mór an móḋ oibre é sin. Tá "clique" ins an mbuíon seo ar ṡeolaḋ ann inniu muid, mar tá i mórán 'ċuile buíon eile. As Co. Ḃaile Áṫa Cliaṫ an ganger agus an fó-ganger agus tugann siad na jobannaí is éadtroma dá gcuid cáirde féin. Tá an ḃeirt údán istiġ le scata de ṁuinntir Northampton agus mura ḃfuil dul amu orm tá gaol-pósaḋ acu leo. Is diaḃlaí mar ḋéanfas fear Ḃaile Áṫa Cliaṫ caidreaṁ leis an tSasanaċ ṫar mar a ḋéanfaḋ fear tíre. Aċ leis an gceart a ṫúirt don ḃeirt úd tá i gceannas níl aon ċailleaḋ orṫu le ḃeiṫ ag obair fúṫa. Tá suas is anuas le dáréag de ṁuinntir Iamaica sa ngang sin agus is barrúil go deo an caoi mbíonn siad réiṫí amaċ. Bíonn hataí dá gcaiṫeaṁ ag a ḃfurṁór — hataí móra leaṫana a ḃfuil ribíní geala ṫart orṫu— agus tá fear aṁáin díoḃ a caiṫeann deerstalker mar a caiṫeaḋ Sherloc Holmes fadó. Ní baileaċ gur Negroes glan-ṁianaċ a leaṫ agus tá beirt nó triúr ann a ḃfuil aġaiḋṫe fir ḃána orṫu, meireaċ a n-daṫ. Tá cuid acu có duḃ leis an gciotal aċ tuille díoḃ, níl ann aċ go ḃfuil siad blas beag níos dorċa ná muid féin; agus ṫiúrfainn an leaḃar go ḃfuil mianaċ Spáinneaċ i gcúpla duine acu. Aċ is diaḃlaí deas an dream iad, iad có h-aeraċ agus có geal-gáireaċ, ag súgraḋ le ċéile mar ḃeaḋ páistí ann —agus ag síor-aṁránaíoċt. Tá fear aṁáin díoḃ agus é mar ḃeaḋ sé ina ṫaoiseaċ orṫu. Sílim go b'é ċaoi ḃfuil sé níos folumṫa ná an gcuid eile agus d'aiṫneóċá go ḃfuil an-ṁeas acu air mar éisteann siad go h-an-áirdeallaċ le gaċ dá n-abruíonn sé. Ḃí sé féin agus an fó-ganger le ċéile inniu agus dár m'anam go ḃfuair sé an ceann is fearr ar an Éireannaċ. Ag cur síos ar an gcineál rum láidir a ḃíonns acu 'sna h-Indiaċaí Ṫiar a ḃí an 'Taoiseaċ' agus d'iarr an fóganger de a ḃféadfaḋ sé aon braon de a ḟáil dó.

"No sir!" arsa an 'Taoiseaċ' gan puinn moille.

"Absolutely no sir! Why for I should give you my good Jamaica Rum when you are just a slave-driver? You just absolutely slave-drive we Black Man!"

"Whadda ya mean I slave-drive Black Man? I never make any distinction between black or white or any other colour," arsa mo dhuine.

"Oh, so what you mean is you slave-drive everybody no matter what colour he be?" arsa an 'Taoiseach' go pras.

"Yes — I mean No! What I mean to say is—"

—aċ níor leiġ an Toiseaċ leis é agus scairt na fir duḃa uiliġ amaċ ag gáire. Ṁairfinn ag éisteaċ le na Iamacánaí céaḋna ag caint mar is ceolṁar í a gcanúint. Laḃruíonn siad cineáil patois eadtorra féin aċ tiġ leo gnáḂéarla a laḃairt có maiṫ céaḋna. Aċ ní fiú do ṡeaċt mallaċt iad mar fir oibre cé go gceapann daoine go leor gur an-sclábuiṫe iad. I Rugbaí tá siad ag cur fúṫa agus creidim go ḃfuil socrú eicínt déanta idir an Malartán Oibre agus Údaráis an Ḃóṫair Iarrainn le naċ sacáilfear iad más féidir é ċor ar biṫ, mar gur dóiliġ dóiḃ obair ḟáil agus caiṫfear iad a ċoṫú má ḃíonn siad díoṁaoin. Tá an-ċion agam féin ar na diaḃail boċta cibé cé'n fáṫ, agus ní iarrfainn níḃ' ḟearr ná píosa den lá a ċaiṫeaṁ ag obair in éindiġ leo. Aċ tá faitíos orm go mbeiḋ muid i bpáirc eicínt eile ṫéis an Aoine seo ċugainn.

DIA CÉADAOIN 31-3-1960.

Sílim gur ceart go mbeaḋ laeṫeanntaí an tsean ḃó againn faoi seo aċ tá an aimsear go maiṫ fós ar ċaoi ar biṫ. Is álainn go deo an raḋarc tá le feiceáil againn amaċ as an mbus ag dul go Hillmorton dúinn ar maidin. Téiġeann muid ṫar imeall an an Pytchley tré West Haddon agus Crick agus tóigfeaḋ sé do ċroí an dúṫaiġ breá méiṫ sin, gona ċuid cnoca beaga féarġlasa agus a ras-ċoillte feiceáil. Tá cuimse sean-tiṫe ceann tuí agus tiṫe móra iarran-ċloċ scaipiṫe ar fud an ċeantar Pytchley. a gcúl le cnoc agus a n-aġaiḋ le gleann agus is ioma spíle séipéil tá le feiceáil agat ar an mbealaċ mar ċuiṁneaċán ar Ré na Críostúíoċta tá geall le ḃeiṫ ṫart sa dtír seo anois có fada is a ḃaineas le furṁór na ndaoine, ar aon nós. Tá molaḋ mór tuillte ag na Sasannaiġ faoi có maiṫ is a d'éiriġ leo áilneaċt agus seandaċt an dúṫaiġ seo a ċaoṁnaḋ ainneóin a ḃfuil de Ṗilóin agus de ċuaillí árda leictreaċais curṫa suas i gcuile ċúinne den dtír le ḃlianta beaga anuas. Tá turas fiċe ṁíle ó Northampton go Hillmorton orṫainn agus is ar éigin má tá sean-ḟoṫraċ gránnḋa aṁáin ar fea an ḟaid sin; aċ ní ḃeiṫeá goiṫte fiċe slat ṫiar in Éirinn go ḃfeicfeá uafás eicínt i rioċt ṡean-tí ag milleaḋ éadan na tíre. Tá slaċt ar na ngarrantaí is ar na ngort annseo freisin ⁊ tá na fálta gearrṫa go deas néata 'siad fite le ċéile mar dlú-sciaṫ cosanta, có h-ealaointa is a d'ḟéadfá ḟeiceáil. Éireannaiġ a ḋeineanns an obair sin den gcuid is mó, aċ is beag an baol go ndéanfaḋ siad ina dtír ḟéin é.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

TÍR NA nOG

COLÁISTE CRÓNA

Ára Ṁór,
Tírċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Saṁraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leaḃair a's ag saoṫrú an léinn,
Ḃí linn ins na bádaí ċuig Uí Ḃreasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoiḃnis ġeoḃair spórt agus scléip.

— *Cursai* —

30/6/65 —— 24/7/65
27/7/65 —— 20/8/65

Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Cróna, Ára Mór

no AMARACH, Ceanannus Mor.

Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.